



An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2020/2136(INI)

04.06.2021

## TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

maidir le measúnú ar chur chun feidhme Airteagal 50 CAE  
(2020/2136(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Andreas Schieder

PA\_NonLeg

PE689.561v03-00

2/7

AD\1233447GA.docx

**GA**

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí gur agraíodh Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) den chéad uair i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas; de bhrí, mar thoradh ar chomhsheasmhacht agus trédhearcacht chur chuige an Aontais, gur léiríodh go raibh Airteagal 50 CAE oiriúnach dá fheidhm don chuid is mó chun sláine dhlíchóras AE a choimirciú, soiléireacht dhlíthiúil agus slándáil a ráthú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, agus nádúr ordúil tharraingt siar na Ríochta Aontaithe a áirithiú;
- B. de bhrí go raibh aontacht AE i rith an phróisis, agus go háirithe dlúth-rannpháirtíocht na Parlaiminte sna gnéithe uile a bhain le cur chun feidhme Airteagal 50 CAE, ina mbonn daingean le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus leis an gcaibidlíocht ar an ngaolmhaireacht sa todhchaí;
- C. de bhrí, sa Dearbhú Polaitiúil ina leagtar amachcreat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir AE agus RA, go mbunaítear na paraíméadar do chompháirtíocht uaillmhianach, leathan, dhomhain agus sholúbtha lena gcuimsítear an beartas eachtrach, an tslándáil agus an chosaint, agus na réimsí comhair ina n-iomláine;
- D. de bhrí go bhfuil rannpháirtíocht agus maoirseacht Pharlaimint na hEorpa bunriachtanach don phróiseas iomlán, lena ráthaítear trédhearcacht agus cuntasacht pholaitiúil;
- E. de bhrí go bhfuil an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ina dhlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar, a bhfuil stádas foirmiúil Conartha aige agus atá, dá bhrí sin, láncheangailteach faoin dlí idirnáisiúnta; de bhrí, i bhfianaise an teannais atá ann faoi láthair mar thoradh ar mhainneachtain RA a hoibleagáidí faoin bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a chomhlíonadh, gurb é príomhchuspóir an Phrótacail i gcónaí ná Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint, ar comhaontú é lenar áirithíodh slándáil agus síocháin ar oiléán na hÉireann leis na deicheanna de bhlianta anuas;
1. á mheabhrú, de réir Airteagal 50(2) CAE, nach mór an creat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir an stát atá ag tarraingt siar agus an tAontas a chur san áireamh le comhaontuithe um tharraingt siar;
2. á chur in iúl gur geal léi go raibh ‘socruthe sonracha maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais’ ar áireamh sa Chomhaontú um Tharraingt Siar a d’fhág go raibh an Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, faoi cheangal ag na hoibleagáidí, arna n-eascairt as na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, i.e. bearta sriantacha an Aontais, arna gcur i bhfeidhm nó arna gcinneadh le linn na hidirthréimhse, a chur chun feidhme, tacú le ráitis agus seasaimh an Aontais i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus a bheith rannpháirteach ar bhonn cás ar chás in oibríochtaí míleata AE agus i misin shibhialtacha arna mbunú faoin

gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), ach ach gan aon acmhainneacht ceannais a bheith aici trí Chreachomhaontú Rannpháirtíochta; á chur i bhfios go láidir gur cuireadh na socruithe sin i bhfeidhm ionas nach gcuirfi isteach ar rannpháirtíocht RA sa bheartas réamhluaithe le linn na hidirthréimhse;

3. ag tabhairt dá haire go raibh foráil ar áireamh sa Chomhaontú um Tharraingt Siar do chomhaontuithe luatha maidir leis an ngaolmhaireacht sa todhchaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus CBSC;
4. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin na spéise sa chomhaontú sin ar an dá thaobh, ar comhaontú é a bheadh bunaithe ar luachanna comhroinnte, lena rannchuídeoфаі leis an tsíocháin a chur chun cinn agus lena neartófaí an t-ord domhanda rialbhunaithe, nach raibh na páirtithe in ann leas a bhaint as an bhféidearthacht sin, toisc nár thoil le Rialtas na Ríochta Aontaithe caibidíocht a dhéanamh ar an gcomhar maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála;
5. á mheabhrú gur leagadh amach ancreat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo idir AE agus an Ríocht Aontaithe sa Dearbhú Polaitiúil a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, ina bhfuil forálacha soiléire arna mbunú ag an dá pháirtí maidir le comhar i réimsí an bheartais eachtraigh, na slándála agus na cosanta;
6. á chur in iúl gur oth léi gur fhág nádúr neamhcheangailteach an Dearbhaite Pholaitiúil forais dlí a bheith ag an Ríocht Aontaithe gan baint a bheith aici le codanna ríthábhachtacha dáinneachar, go háirithe na codanna sin maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála, nach raibh mar chuid den chaibidíocht dá bhrí sin;
7. á chur i bhfáth, cé nár urramaídodh an Dearbhú Polaitiúil agus nach bhfuil comhaontú ann maidir leis an mbeartas eachtrach agus maidir leis an gcosaint, gur cheart don dá thaobh leanúint de bheith ag obair i gcomhar le chéile ar an mbeartas eachtrach, tríd an daonlathas, an tsíocháin agus an smacht reachta, slándáil an duine agus an chobhsaíocht dhomhanda a chur chun cinn, trí chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, tríd an athrú aeráide a chomhrac, trí chearta na mban agus cearta LGBTQI+ a chosaint, agus tríd an dí-armáil agus an neamhleathadh, agus gurb amhlaidh, ar bhonn na ngealltanais atá sa Dearbhú Polaitiúil lena leagtar amach ancreat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, gur féidir comhaontú a thabhairt i gcríche a luaithe is féidir ar an gcomhar i réimse an bheartais eachtraigh agus an bheartais slándála agus cosanta, a bheadh bunaithe, mar shampla, ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) a tugadh i gcríche cheana le Ceanada agus leis an tSeapáin;
8. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na cinntí a rinne an Ríocht Aontaithe go haontaobhach le deireanas a tháinig salach ar chur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótaeil maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann dá bhfuil an dá thaobh tiomanta; ag tacú leis na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus á iarraidh ar RA dearcadh comhoibriitheach agus meon macánta a léiriú athuair gan mhoill;
9. ag meabhrú go bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar gur féidir na socruithe oibre praiticiúla chun é a chur chun feidhme a phlé sa Chomhchoiste, agus gurb amhlaidh, cé go bhfuil solúbthacht léirithe cheana ag an Aontas maidir le tréimhsí

cairde a dheonú, a bheidh iarmháirtí ag sárú d'aon turas agus aontaobhach ar ghealltanais arna ndéanamh;

10. á chreidiúint, chun go mbeadh ancreat don ghaolmhaireacht sa todhchaí idir Ballstát atá ag tarraigtsiar agus an tAontas ina bhonn leis an gcomhaontú um tharraingt siar, nach mór nádúr an chreata a bheith aonchiallach, neamh-inchúlgairthe agus ceangailteach ar an gcaibidliocht ar an ngaolmhaireacht sa todhchaí ar an gcomhaontú ábhartha um tharraingt siar a theacht i bhfeidhm;
11. á athdhearbhú a thábhactaí atá an grinnscrídú parlaiminteach sna céimeanna uile den phróiseas sin; á chur i bhfios go láidir a thábhactaí atá ról bunriachtanach Pharlaimint na hEorpa sa nós imeachta um tharraingt siar; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, a thábhactaí atá cur i bhfeidhm ionlán Airteagal 218 (10) CFAE maidir le sainchumais na Parlaimint i dtaca leis an tarraigtsiar, ina luaitear nach mór Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas, sna céimeanna uile den nós imeachta, faoin gcaibidliocht idir an tAontas agus tríú tíortha; á chur i bhfios go láidir nach mór don Choimisiún an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas ar comhchéim leis an gComhairle;
12. á chur i bhfios go láidir gurb amhlaidh, le linn chur chun feidhme Airteagal 50, a bhí a lán suaité ann mar aon le mórchuid éiginnteachta geografaí; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina leith sin, sásraí dlíthiúla agus ceangailteacha a ionchorprú i gcreat na dtarraingtí siar ionchasacha chun an suaitheadh sin a sheachaint.

## **FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Reinhard Büttikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Andrzej Halicki, Sandra Kalniete, Karol Karski, Dietmar Köster, Stelios Kouloglou, Maximilian Krah, Andrius Kubilius, İlhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Jérôme Rivière, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Assita Kanko, Andrey Kovatchev, Paulo Rangel, Mick Wallace

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>56</b>	<b>+</b>
NI	Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi
PPE	Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Andrzej Halicki, Sandra Kalniete, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Paulo Rangel, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko
Renew	Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, İlhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans
S&D	Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Claudiu Manda, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev
The Left	Stelios Kouloglou, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace
Verts/ALE	Alviina Alametsä, Reinhard Bütkofer, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola Von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Salima Yenbou

<b>3</b>	<b>-</b>
ECR	Charlie Weimers
ID	Harald Vilimsky
NI	Kostas Papadakis

<b>11</b>	<b>0</b>
ECR	Anna Fotyga, Assita Kanko, Karol Karski, Jacek Saryusz-Wolski, Witold Jan Waszczykowski
ID	Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Maximilian Krah, Thierry Mariani, Jérôme Rivière
The Left	Manu Pineda

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

- + : i bhfabhar
- : i gcoinne
- 0 : staonadh